**Réamhrá**

Le teacht chun cinn dheiseanna giniúnacha IS dírithe ar thomhaltóirí le bliain anuas, tá athrú ó bhonn ar an bplé atá á dhéanamh ar chumhacht IS agus a bhfuil i ndán dá bharr. Cé go bhfuil IS ar fáil le 70 bliain nó mar sin, is trí theacht chun cinn IS ghiniúnach anois is léir do chomhlachtaí agus do dhaoine aonair na deiseanna a bhaineann leis.

**Coincheapanna maidir leis an Intleacht Shaorga:**

Réimse den eolaíocht ríomhaireachta is ea an Intleacht Shaorga (IS) a dtagann coincheapanna éagsúla faoina scáth. Is féidir deiseanna IS a chóiriú go ndéanann siad foghlaim agus athmhúnlú i ndáil le faisnéis agus le córais ionas go ndéanann siad:

- bearta uathoibreacha de bhearta atriallacha (Uathoibriú Próisis)
- anailís ar thacair chasta sonraí, patrúin a thabhairt chun aire, agus léargas a fhoilsiú ar féidir beart a dhéanamh dá réir (Léargas Cognaíochta)
- idirchaidreamh le daoine ar mhodh cosúil le modh an duine (Idirchaidreamh Cognaíochta)

**IS in RTÉ**

D'fhéadfadh IS athrú a chur ar na modhanna ina ndéanann RTÉ gnó, ina léirítear lón ábhair, ina gcuirtear seirbhísí ar fáil agus ina gcothaítear caidreamh leis an lucht féachana agus éisteachta. Ní féidir neamhaird a dhéanamh de; beifear, ina dhiaidh sin, ag díriú ar bhearta sábháilteachta, ar chreat oibre agus ar threoirlínte maidir le haon fheidhm a bhaintear as in RTÉ.

Faoin straitéis nua, beifear níos luathbheartaí i mbun lón ábhair ar ardchaighdeán a chur ar fáil ag freastal ar riachtanais athraitheacha an lucht éisteachta agus féachana. Tá beartaithe againn leas a bhaint as córais IS maidir le huathoibriú breise ar phróisis agus sruthanna digiteacha oibre a thabhairt i bhfeidhm agus moltar úsáid a bhaint as deiseanna IS atá iontaofa.

**Prionsabail maidir le córais IS**

Tá Gníomh an AE um an Intleacht Shaorga (IS) aontaithe ag ballstáit uile an AE. Beidh na dualgais éagsúla faoin nGníomh sin á dtabhairt i bhfeidhm de réir a chéile agus na príomhdhualgais as seo go ceann 24 mí. Faoin nGníomh IS, beidh rangú bunaithe ar réimsí baoil á thabhairt isteach agus an leibhéal faire ó thaobh cúrsaí rialála ag teacht leis an leibhéal baoil a ghabhann leis an gcóras IS atá i gceist. Ní mór do RTÉ a chinntiú go gcloítear leis an gcreat rialála nua atá ag teacht chun cinn le bainistíocht mar is cuí ar chúrsaí baoil agus le creat rialachais cuí (freagracht agus maoirseacht an duine san áireamh).

Seo a leanas na príomhphrionsabail lena gcloífidh RTÉ maidir le córais IS a úsáid:

Follasacht: Bítear ionraic maidir le húsáid as IS, foilsítear úsáid as IS maidir le lón ábhair nó seirbhísí, bítear soiléir leis an lucht éisteachta agus féachana nó leis an lucht úsáide nuair a bhíonn feidhmchláir IS á dtapú agus sa chás gur baineadh úsáid as IS ghiniúnach i ndáil le lón ábhair a chruthú (nó ábhar inneallghinte). Táthar i mbun leasú a dhéanamh ar na fógraí faoi chúrsaí príobháideachta agus ar théarmaí agus coinníollacha ionas go dtugtar úsáid as córais IS san áireamh agus beidh IS á tabhairt san áireamh leis na polasaithe eagarthóireachta agus teicneolaíochta freisin.

Bainistíocht maidir le Réimsí Baoil: Cur chuige freagrach atriallach a ghlacadh i ndáil leis an mbainistíocht maidir le réimsí baoil mar gheall ar IS, d'fhonn an baol a mhaolú go dtarlódh teagmhas nó toradh dá réir. Cinntí arna ndéanamh de réir algartaim a bhreithniú go rialta, faire an mbeadh claontacht i gceist agus aon chás dá shórt a chur ina cheart agus caidreamh a chothú le páirtithe iontaofa.

Cúrsaí Rialachais & Maoirseachta: Ní mór daoine a choinneáil ar an eolas, ní mór bearta rialála a chur ar bun ionas go ndéanann daoine obair na gcóras IS a bhreithniú, a chíoradh agus a choigeartú. Bord comhairle a chur ar bun maidir le cúrsaí eitice sa réimse digiteach ar a mbeidh lucht dlí, teicneolaíochta, ábhair, oibríochta agus margaíochta d'fhonn cuidiú le meithle tionscadail ceisteanna eitice a láimhseáil. Ba cheart cúram maoirseachta freisin a bheith ar an Meitheal Ceannaireachta agus ar an mBord.

Slándáil Sonraí & Príobháideacht: Tá RTÉ cúramach agus macánta maidir le príobháideacht agus sonraí dhaoine, luaitear go soiléir an úsáid a bhaintear as sonraí agus cinntítear go láimhseáiltear sonraí ar bhealaí atá slán sábháilte. Cuirtear prionsabail maidir le príobháideacht d'aon ghnó i bhfeidhm i ndáil le tionscadail IS agus beidh measúnacht tionchair i ndáil le cosaint sonraí ina ghnáthchuid den ré feidhme maidir le gach tionscadal IS de réir mar is cuí. Ní mór aire agus leas á bhaint as leagan poiblí d'aon deis maidir le Samhail Teanga Mhór, srianta a chur i bhfeidhm maidir le sonraí príobháideacha a uaslódáil agus bearta slándála sula ndéanfaí aon sonraí pearsanta a uaslódáil.

Sármheon Eagarthóireachta: Déantar bearta cuí d'fhonn an lucht éisteachta agus féachana a chosaint, arna chinntiú gur ar bhealach atá ag teacht le dualgas RTÉ faoin reachtaíocht agus le meon eagarthóireachta RTÉ a úsáidtear IS, go háirithe, cúrsaí cothroime, neamhchlaontachta, oibiachtúlachta agus cruinnis. D'fhéadfadh gur cúnamh córas IS maidir le hobair iriseoireachta ach níl aon ní is tábhachtaí ná cloí leis na caighdeáin is airde iriseoireachta agus muinín na léitheoirí, na n-éisteoirí, an lucht féachana agus an lucht leanúna in RTÉ a chaomhnú. Is gá d'iriseoirí agus d'eagarthóirí gach cinneadh eagarthóireachta a dhéanamh agus sin bunaithe ar threoirlínte iriseoireachta RTÉ.

Nuálaíocht agus Cruthaitheacht: Is fearr linn acmhainn cruthaitheachta an duine ná ábhar á chruthú le córas IS agus tuigtear gur féidir leas a bhaint as deiseanna IS a chuidíonn leis an bpróiseas cruthaitheachta. Duine a dhéanfaidh gach cinneadh eagarthóireachta agus cloífear i ngach uile chás leis na treoirlínte iriseoireachta.

Cóipcheart: Déanfar na bearta is gá chun cóipcheart RTÉ, gach duine a bhaineann leas as ábhar RTÉ, agus ábhar a chruthaítear do RTÉ a chosaint, agus úsáid neamhúdaraithe as lón ábhair RTÉ nó ábhar atá faoi chóipcheart a chosc. Ní mheastar gurb é leas an phobail “camchóipeáil” a dhéanamh ar lón ábhair de chuid RTÉ, gan cead chuige sin ó RTÉ, chun córais IS a mhúnlú. Tá bearta déanta ag féachaint le ransú gréasáin ar ábhar de chuid RTÉ a sheachaint.